Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**11344/26**

**ESE 1**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 324 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An 22ú tuarascáil maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn as é a chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 324 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 324 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.6.2026
COM(2026) 324 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An 22ú tuarascáil maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn as é a chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025**

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An 22ú tuarascáil maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 agus maidir leis an staid a eascraíonn as é a chur i bhfeidhm lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025**

Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle maidir le córas faoi Airteagal 2 de Phrótacal 10 de chuid na hIonstraime Aontachais[1] ('Rialachán na Líne Glaise') a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2004. Leagtar amach ann na téarmaí faoina bhfuil feidhm ag forálacha dhlí an Aontais maidir le gluaiseacht daoine, earraí agus seirbhísí trasna na líne idir limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn Rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu agus na limistéir ina bhfuil an rialú sin aige. Chun éifeachtacht na rialacha sin a áirithiú, leathnaíodh cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun an teorainn idir limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu agus Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach na Ríochta Aontaithe a chumhdach[2].

Cumhdaíonn an tuarascáil seo an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

In 2025, chuaigh an Coimisiún i mbun idirphlé cuiditheach le húdaráis ábhartha Phoblacht na Cipire agus le lucht Riaracháin an Limistéar Bunáite Fhlaitheasaigh maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Choinnigh sé idirphlé cuiditheach ar bun freisin le Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire.

## 1. TRASNÚ DAOINE

### 1.1. Trasnú ag pointí trasnaithe údaraithe

Cuireann an Rialachán creat dlíthiúil ar fáil maidir leis na turais a rinne Cipirigh, saoránaigh eile den Aontas Eorpach agus náisiúnaigh tríú tír agus iad ag dul trasna na Líne Glaise ('an Líne') ag pointí trasnaithe údaraithe. In 2025, tháinig méadú ar an líon trasnuithe a rinne daoine de phobal Gréagach na Cipire agus de phobal Turcach na Cipire i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

De réir sonraí ó Phóilíní Phoblacht na Cipire, le linn na tréimhse tuairiscithe, rinneadh taifeadadh ar1 453 135 dhuine de phobal Gréagach na Cipire ag trasnú (1 346 121 roimhe sin) agus 833 786 fheithicil de chuid phobal Gréagach na Cipire ag trasnú (822 443 roimhe sin) ó limistéir i bPoblacht na Cipire atá faoi rialú éifeachtach rialtas Phoblacht na Cipire chuig limistéir i bPoblacht na Cipire nach bhfuil faoi rialú éifeachtach an Rialtais. Sa tréimhse chéanna, taifeadadh 1 983 610 duine de phobal Turcach na Cipire ag trasnú (1 814 647 roimhe sin) agus 748 061 fheithicil de chuid phobal Turcach na Cipire ag trasnú (705 532 roimhe sin) sa treo eile[3]. Thuairiscigh Poblacht na Cipire, mar gheall ar fhadhbanna teicniúla ó mhí Eanáir go mí an Mhárta, nach raibh sonraí maidir le trasnuithe feithiclí go hiomlán cruinn.

Tháinig méadú freisin ar an líon saoránach den Aontas Eorpach (seachas muintir na Cipire) agus ar an líon náisiúnach tríú tír a thrasnaíonn an Líne. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne

1 IO L 161, 30.4.2004, lch. 128, arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. 685/2013 ón gComhairle an 15 Iúil 2013 (IO L 196, 19.7.2013, lch. 1).

2 Féach an Prótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach.

3 Ní choimeádann údaráis Phoblacht na Cipire taifid maidir leis an líon daoine de phobal Gréagach na Cipire a fhilleann ar na limistéir atá faoi rialú an rialtais ná maidir leis an líon daoine de phobal Turcach na Cipire a fhilleann ar an taobh thuaidh den Chipir.

saoránaigh den Aontas Eorpach (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnaigh tríú tír 2 053 958 dtrasnú (1 777 946 roimhse sin) sa dá threo.

Ní áirítear sna figiúirí sin sonraí faoi dhaoine agus faoi fheithiclí a thrasnaíonn ón taobh thuaidh den Chipir ag na pointí trasnaithe Pergamos agus Strovilia, ar pointí trasnaithe iad atá faoi údarás an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh Oirthearaigh. Maidir leis an méid sin, thuairiscigh an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach gur taifeadadh 594 172 dhuine de phobal Gréagach na Cipire ag trasnú (687 007 roimhe sin) agus 385 347 bhfeithicil de chuid phobal Gréagach na Cipire ag trasnú (428 204 roimhe sin) chuig an taobh thuaidh den Chipir. An tráth céanna, taifeadadh 747 130 duine de phobal Turcach na Cipire ag trasnú (708 810 roimhe sin) agus 405 977 bhfeithicil de chuid phobal Turcach na Cipire ag trasnú (378 270 roimhe sin) sa treo eile. Thairis sin, thrasnaigh 963 292 shaoránach den Aontas Eorpach (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnach tríú tír an Líne sa dá threo.

In 2025, tháinig méadú ar an líon póilíní de chuid Phoblacht na Cipire a bhí ag obair ag na pointí trasnaithe go 108, i gcomparáid le 107 in 2024.

Sna figiúirí a bhailigh pobal Turcach na Cipire in 2025 léirítear laghdú ar an líon trasnuithe a rinne pobal Gréagach na Cipire go 2 341 029 (2 767 805 roimhe sin) agus a rinneadh i bhfeithiclí de chuid phobal Gréagach na Cipire go 1 340 713 (1 579 058 roimhe sin) ó na limistéir faoi rialú an rialtais chuig an taobh thuaidh den Chipir. Léirítear iontu méadú ar an líon trasnuithe a rinne daoine de phobal Turcach na Cipire go 3 152 743 (2 933 833 roimhe sin) agus a rinneadh i bhfeithiclí de chuid phobal Turcach na Cipire go 1 395 796 (1 280 653 roimhe sin) sa treo eile. De réir na staitisticí a soláthraíodh, thrasnaigh 1 960 545 shaoránach den Aontas Eorpach (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnach tríú tír (2 004 017 roimhe sin) ó na limistéir faoi rialú an rialtais chuig an taobh thuaidh den Chipir in 2025.

Tuairiscíodh go raibh praghsanna arda agus boilsciú ard i bpobal Turcach na Cipire ina ndíspreagadh do phobal Gréagach na Cipire dul trasna na Líne Glaise chun siopadóireacht phearsanta a dhéanamh agus go raibh siad ina spreagadh do phobal Turcach na Cipire dul trasna na Líne sa treo eile.

Leanadh de scuainí fada a thuairisciú ag pointe trasnaithe Agios Dhometios. Thug údaráis Phoblacht na Cipire dá n-aire gur úsáideadh acmhainní daonna breise chun trasnuithe a éascú. I mí na Nollag 2025, thosaigh an líon lánaí ag an bpointe trasnaithe sin ag méadú mar gheall ar oibreacha arna gcistiú faoin gclár cabhrach le haghaidh phobal Turcach na Cipire.

Níor thug údaráis Phoblacht na Cipire cead do bhusanna de chuid phobal Turcach na Cipire a raibh saoránaigh den Aontas Eorpach á n-iompar acu trasnú isteach i limistéir faoi rialú an rialtais mura raibh doiciméid atá go hiomlán i gcomhréir leis an *acquis* agus eisithe ag údaráis Phoblacht na Cipire acu. Mar a luadh sna blianta roimhe seo, chuir údaráis Phoblacht na Cipire in iúl don Choimisiún go bhfuil socruithe curtha i bhfeidhm acu chun an próiseas a éascú do phobal Turcach na Cipire deimhnithe ródacmhainneachta, údaruithe agus ceadúnais tiomána ghairmiúla a fháil; deonaítear na ceadúnais saor in aisce tar éis iarratais a chur isteach (aistrithe go Tuircis).

Ba cheart do Phoblacht na Cipire leanúint de thrasnú daoine a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 866/2004.

Leanadh de na 14 bheart forbartha muiníne a d'fhógair an tUachtarán Christodoulides in 2024 a chur chun feidhme. Bhí leathnú an phointe trasnaithe Agios Dhometios agus méadú ar an bhfoireann ag an bpointe trasnaithe ábhartha go háirithe.

Lean Fórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir de bheith ag éascú chleachtadh an adhartha reiligiúnaigh thar an Líne Ghlas ag an dá phobal[4].

4 Tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Fórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa

## 1.2 Imirce neamhrialta trasna na Líne Glaise agus tearmann

I bhfigiúirí ó Phóilíní Phoblacht na Cipire le haghaidh 2025 léirítear laghdú ar an líon imirceach a théann trasna na Líne ar bhonn neamhrialta ó na limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire go dtí na limistéir atá faoi rialú an rialtais. In 2025, chuaigh 2 433 imirceach neamhrialta trasna na Líne ar an mbealach sin; ba iad 3 319, , 6 793 agus 16 627 na figiúirí comhfhreagracha le haghaidh 2024, 2023 agus 2022 faoi seach. D'ainneoin na treochta dearfaí, tá an imirce neamhrialta trasna na Líne Glaise fós ina hábhar imní mór a éilíonn forairdeall leanúnach.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún, cé go ndéantar foráil le Rialachán na Líne Glaise maidir le seiceálacha ar gach duine a théann trasna na Líne, ba cheart rochtain a bheith ag imircigh a théann trasna na Líne ar bhonn neamhrialta ar shásraí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta más mian leo déanamh amhlaidh.

Thug pobal Turcach na Cipire dá aire gur leanadh leis na hiarrachtaí sa taobh thuaidh den Chipir chun imirce neamhrialta a chosc. In 2025, cuireadh cosc ar 5 230 duine[5] dul isteach sna limistéir den Chipir nach bhfuil faoi rialú an rialtais, agus díbríodh 1 754 dhuine [6] a gabhadh laistigh den taobh thuaidh den Chipir.

Tháinig ionadaithe ón dá phobal le chéile laistigh de Choiste Teicniúil déphobail um Choireacht agus Ábhair Choiriúla faoi choimirce na Náisiún Aontaithe, a bhí ina chainéal chun faisnéis a mhalartú maidir le coireacht agus cúrsaí póilíneachta. Mar leathnú ar an gcoiste sin, lean an dá phobal de bheith ag úsáid dhá 'Sheomra Teagmhála Chomhpháirteacha' sa Niocóis agus in Pyla, rud a sholáthraíonn fóram chun faisnéis a mhalartú maidir le hábhair choiriúla[7].

Dúirt Póilíní Phoblacht na Cipire go raibh an comhar le ranna Rialtais ábhartha eile de Phoblacht na Cipire agus le lucht riaracháin an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh Oirthearaigh an-mhaith.

*An Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach*

Tháinig laghdú ar an imirce neamhrialta ó limistéir nach bhfuil faoi rialú rialtais na Cipire tríd an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach in 2025. In 2025, gabhadh 33 imirceach tar éis dóibh an Líne a thrasnú go neamhrialta[8]. Ní raibh cead trasnaithe ag 4 609 nduine, agus ba shaoránaigh de chuid Iosrael an líon ba mhó díobh (843), agus ina dhiaidh sin saoránaigh na Rúise (735), saoránaigh na hÚcráine (505) agus saoránaigh na Tuirce (505). I gcomhréir le forálacha ábhartha an Phrótacail maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha na Ríochta Aontaithe sa Chipir atá i gceangal leis an gComhaontú maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, dhiúltaigh údaráis an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh Oirthearaigh cead a thabhairt do náisiúnaigh eachtracha a tháinig isteach tríd an taobh thuaidh den Chipir an Líne a thrasnú[9]. Cuireadh na daoine sin i dtreo pointí trasnaithe lasmuigh den Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach chun dul faoi sheiceálacha i gcomhréir le ceanglais

Chipir [S/2026/8] an 5 Eanáir 2026, mír 28.

5 Náisiúnaigh de réir tíre: An Iaráin: 753; An Phacastáin: 732; An Iaráic: 516; An Tuirc: 485; An tSomáil: 322; eile: 2 422.

6 Náisiúnaigh de réir tíre: An Tuirc: 423; An Nigéir: 385; An Bhanglaidéis: 198; An tSiria: 160; An Phacastáin: 133; eile: 455.

7 Tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Fórsa Coimeádta Síochána na Náisiún Aontaithe sa Chipir [S/2026/8] an 5 Eanáir 2026, mír 20.

8 Na 33 imirceach neamhrialta uile a stopadh laistigh den Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach, rinne siad iarratas ar thearmann agus tugadh ar láimh iad d'údaráis Phoblacht na Cipire.

9 Ní cheadaítear do náisiúnaigh tríú tír (seachas saoránaigh den Ríocht Aontaithe) trasnú ach amháin má bhíonn siad ag gabháil do
ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint nó más baill iad de theaghlach duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin.

Phoblacht na Cipire maidir le trasnú.

Dúirt oifigigh de chuid an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh go raibh an comhar a bhí acu le Poblacht na Cipire an-mhaith.

Lasmuigh de na pointí trasnaithe, rinne póilíní an Limistéir Bunáite Flaitheasaigh patróil bunaithe ar riosca agus faisnéis chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta. Treisíodh ar na patróil sin trí phatróil a rinne lucht custaim an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh agus pearsanra míleata.

Baineann deacracht ar leith le rialú a dhéanamh ar cheithre 'phointe trasnaithe neamhúdaraithe' atá i sráidbhaile Pergamos, nó atá gar dó, agus atá in úsáid ag cónaitheoirí agus feirmeoirí áitiúla. Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, ábhar imní fós is ea na 'pointí trasnaithe neamhúdaraithe' sin agus ba cheart teacht ar réiteach oiriúnach i gcomhréir le hAirteagal 7 den Phrótacal. Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinne údaráis an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh seiceálacha spontáineacha ar dhaoine a úsáideann bóithre a nascann leis na pointí trasnaithe sin.

## 2. TRASNÚ EARRAÍ

### 2.1. Luach trádála

Faoi Airteagal 4 de Rialachán na Líne Glaise, féadfar earraí a thabhairt ó limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais isteach go limistéir atá faoi rialú an rialtais, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir a leagtar amach san Airteagal[10] sin agus go bhfuil doiciméad ag gabháil leo a d'eisigh Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire. De bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún[11], rinne Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire agus údaráis Phoblacht na Cipire tuairisciú mhíosúil ar chineál, ar mhéid agus ar luach na n-earraí ar ina leith a eisíodh doiciméid tionlacain.

De réir na staitisticí a sholáthair Poblacht na Cipire, tháinig laghdú 5,3 % go EUR 14 430 669 (EUR 15 238 221 roimhe sin) ar luach iomlán trádála na n-earraí lenar ghabh doiciméid tionlacain agus a thrasnaigh an Líne iarbhír in 2025.

De réir na staitisticí a sholáthair Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire, EUR 15 866 752 (EUR 18 222 590 roimhe sin) ba ea luach iomlán na n-earraí ar ina leith a eisíodh doiciméid tionlacain. I gcomparáid le 2024, is laghdú 12,9 % é sin ar luach foriomlán na n-earraí ar ina leith a eisíodh doiciméid tionlacain.

Ní rialaítear le Rialachán na Líne Glaise trádáil ó na limistéir atá faoi rialú an rialtais go dtí an taobh thuaidh den Chipir. Mar sin féin, moltar é ar chúiseanna eacnamaíocha toisc go gcuireann sé le caidreamh agus muinín a chothú idir an dá phobal. In 2025, tháinig méadú thart ar 13,5 % ar an trádáil sin, ó EUR 1 314 705 in 2024 go EUR 1 491 582 in 2025, de réir figiúirí ó Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire. An trádáil ó na limistéir atá faoi rialú an rialtais go dtí an taobh thuaidh den Chipir, is é sin 10,3 % den trádáil sa treo eile (8,6 % in 2024).

Lean pobal Turcach na Cipire de bheith ag cur córas trádála i bhfeidhm atá ina mhacasamhail go forleathan de choinníollacha Rialachán na Líne Glaise. Ina theannta sin, ní féidir formhór na n-earraí a thrádáil ó na limistéir atá faoi rialú an rialtais go dtí an taobh thuaidh den Chipir go dtí go n-eiseofar 'ceadúnas allmhairiúcháin' agus go dtoibheofar 'cáin bhreisluacha' cé gur

10 Leagtar amach le hAirteagal 4(1) nach mór na hearraí a fháil ina n-iomláine sna limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire nó go ndeachaigh siad faoina bpróiseáil shubstaintiúil dheireanach nó faoina n-oibriú substaintiúil deireanach, ar próiseáil nó oibriú í nó é a bhfuil údar maith léi nó leis ó thaobh na heacnamaíochta de, i ngnóthas ag a bhfuil an trealamh chun na críche sin sna limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire.

11 Rialachán (CE) Uimh. 1480/2004 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2004 (IO L 272, 20.8.2004, lch. 3).

toibhíodh í cheana féin sna limistéir atá faoi rialú an rialtais. Díspreagann an córas sin trádáil déphobail; mar shampla, níorbh fhéidir trádáil muisiriún a dhéanamh ó na limistéir atá faoi rialú an rialtais chuig na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais le linn na tréimhse tuairiscithe.

## 2.2 An cineál earraí

In 2025, d'fhan cineál na dtáirgí trádála cobhsaí go ginearálta agus níor tugadh isteach aon táirge nua. Ba iad ábhair foirgníochta agus ábhair thógála na cineálacha earraí ba mhó a trádáladh, agus troscán, plaistigh, dramh-mhiotal agus dramhaíl ina dhiaidh sin. Tháinig laghdú mór ar thrádáil torthaí agus glasraí; go háirithe, ní dhearnadh aon trádáil prátaí.

## 2.3. Neamhrialtachtaí

Chuir Poblacht na Cipire dhá chás neamhrialtachta a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe ar shúile an Choimisiúin.

Diúltaíodh do choinsíneacht doirteal an 5 Feabhra agus diúltaíodh do choinsíneacht péinteanna eibleachta an 30 Bealtaine. Deimhnithe feidhmíochta míchearta ba chúis leis an dá dhiúltú.

## 2.4. Bacainní agus deacrachtaí a bhaineann le gluaiseacht earraí

Bhí bacainní ar an trádáil trasna na Líne fós ann, agus tá siad ar cheann de na cúiseanna leis an leibhéal íseal trádála atá ann faoi láthair. Le linn na tréimhse tuairiscithe, tháinig laghdú ar thrádáil trasna na Líne Glaise go príomha mar gheall ar an méadú ar phraghsanna sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais agus na srianta a bhí ar ghnólachtaí in earnáil na dtáirgí foirgníochta. Choinnigh Aireacht Gnóthaí Baile Phoblacht na Cipire a gníomhaíochtaí faireachais margaidh ar bun. Mar sin féin, bhí roinnt moilleanna ann mar thoradh ar acmhainneacht theoranta foirne. Tá sé sin ina chuid d'iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin cuidiú leis an trádáil trasna na Líne Glaise a lánacmhainneacht a bhaint amach.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo[12], tá an tsaincheist maidir le feithiclí tráchtála de chuid phobal Turcach na Cipire a théann isteach i limistéir atá faoi rialú an rialtais fós le réiteach. Faoi láthair, ní féidir le feithiclí tráchtála de chuid phobal Turcach na Cipire ina bhfuil meáchan is mó ná 7,5 tona dul trasna na Líne ach amháin ar choinníoll doiciméid a bheith ag gabháil leo atá go hiomlán i gcomhréir leis an *acquis* arna n-eisiúint ag Poblacht na Cipire. Mar a luadh sna blianta roimhe seo, chuir údaráis Phoblacht na Cipire an Coimisiún ar an eolas faoi na bearta a chuir siad i bhfeidhm chun é a dhéanamh níos éasca do phobal Turcach na Cipire deimhnithe ródacmhainneachta, údaruithe agus ceadúnais tiomána ghairmiúla a fháil. Chuirfeadh réiteach ar an tsaincheist go mór le leibhéal na trádála a mhéadú mar d'éascódh sé iompar earraí. Neartófaí freisin an teagmháil idir oibreoirí eacnamaíocha na Cipire, rud a chuideodh le muinín a mhéadú idir an dá phobal. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le húdaráis Phoblacht na Cipire agus le pobal Turcach na Cipire chun réiteach ar an bhfadhb sin a shainaithint.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, rinneadh dul chun cinn maidir le saincheist na dtáirgí bia próiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad a bheith ag dul trasna na Líne. Níor tharla aon trádáil bianna próiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad. Lean an Coimisiún agus Poblacht na Cipire dá nidirphlé cuiditheach maidir le trádáil a chumasú i níos mó cineálacha bia próiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad. Leanadh d'ábhair a thagann i dteagmháil le bia (málaí plaisteacha le haghaidh aráin) a thrádáil trasna na Líne Glaise le linn na tréimhse tuairiscithe agus, de réir

12 Féach, mar shampla, an naoú tuarascáil bhliantúil, an deichiú ceann, an t-aonú ceann déag, an dóú ceann déag, an tríú ceann déag, an ceathrú ceann déag, an cúigiú ceann déag, an séú ceann déag, an seachtú ceann déag, an t-ochtú ceann déag, an naoú ceann déag, an fichiú ceann agus an t-aonú cheann is fiche maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle agus an staid a d'eascair as a chur i bhfeidhm.

sonraí ó Chomhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire, ba iad an deichiú táirge ba mhó a trádáladh in 2025.

Faoi mar a tharla sna blianta roimhe seo, lean roinnt trádálaithe de chuid phobal Turcach na Cipire ag tuairisciú deacrachtaí maidir lena dtáirgí a bheith á stocáil i siopaí agus maidir le fógraíocht a dhéanamh ar a dtáirgí agus ar a seirbhísí sna limistéir faoi rialú an rialtais, rud a chuireann bac ar thrádáil. Ina theannta sin, chuir trádálaithe ón dá phobal roinnt fadhbanna riaracháin in iúl agus iad ag iarraidh dul i mbun gnó leis an bpobal eile..

Níorbh fhéidir cistí a aistriú idir bainc sna limistéir atá faoi rialú an rialtais agus bainc sna limistéir nach bhfuil faoi rialú éifeachtach rialtas Phoblacht na Cipire, rud a d'fhág bac ar an trádáil trasna na Líne Glaise. In 2023, d'eisigh Banc Ceannais na Cipire litir chiorclach chuig gach institiúid chreidmheasa inar soiléiríodh go bhfuil daoine de phobal Turcach na Cipire ag a bhfuil pasanna Phoblacht na Cipire nó cártaí aitheantais Phoblacht na Cipire i dteideal cuntas íocaíochta a bhfuil gnéithe bunúsacha aige a oscailt, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceanglas díchill chuí eile maidir le sainaithint custaiméirí. Lean pobal Turcach na Cipire de dheacrachtaí a thuairisciú, áfach, agus iad ag iarraidh cuntais a oscailt le bainc thráchtála agus bhí líon daoine an-teoranta de phobal Turcach na Cipire in ann cuntais den sórt sin a oscailt. Ina theannta sin, ní raibh gnólachtaí de chuid phobal Turcach na Cipire in ann cuntais bhainc a oscailt sna limistéir atá faoi rialú an rialtais. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le húdaráis Phoblacht na Cipire agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun teacht ar réiteach ar an tsaincheist sin.

Na srianta a d'fhorchuir Banc Ceannais na Tuirce ar bhainc thráchtála de chuid na Tuirce atá ag dul i gcomhar le bainc thráchtála i bPoblacht na Cipire, is bac iad a dhéanann an t-ábhar níos casta fós.

## 2.5. Smuigleáil earraí

Mhair an smuigleáil earraí de bheith ann, rud a léiríonn a dheacra atá sé gluaiseachtaí neamhrialta trasna na Líne a rialú.

In 2025, rinne Poblacht na Cipire 2 870 earra smuigleáilte (3 170 roimhe sin) a urghabháil, is é sin laghdú 9,5 %. I gcomparáid leis na blianta roimhe sin, tháinig laghdú ar smuigleáil táirgí ainmhithe agus déiríochta agus tháinig méadú ar an méid táirgí talmhaíochta eile a smuigleáladh. Tháinig laghdú ar an líon toitíní agus ar an méid tobac lámhrollta a ghabh custam Phoblacht na Cipire ag an Líne: 721 024 thoitín agus 198 710 g de thobac lámhrollta (727 362 thoitín agus 235 989 g roimhe sin). Ina theannta sin, urghabhadh 232 136 gcartús toitíní leictreonacha agus 267 386 g de thobac húca freisin. Tháinig laghdú ar smuigleáil alcóil nuair a tháinig laghdú mór ar smuigleáil earraí a sháraíonn cearta maoine intleachtúla. I measc na nithe eile a urghabhadh bhí gluaisteáin, breosla, drugaí, táirgí íocshláinte agus lotnaidicídí. Tugadh 35 ionchúiseamh maidir le smuigleáil sa Chúirt Dúiche. Ba iondúil gur déileáladh le cásanna a bhain le smuigleáil cainníochtaí beaga toitíní trí phionós riaracháin agus forghéilleadh a ghearradh.

In 2025, thaifead údaráis an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh Oirthearaigh laghdú ar an líon earraí smuigleáilte a urghabhadh laistigh den Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach; rinneadh 661 urghabháil i gcomparáid le 997 n-urghabháil in 2024.

A mhéid a bhaineann leis an soláthar is gnách a dhéanamh do dhaonra phobal Turcach na Cipire, i sráidbhaile Pyla, atá lonnaithe sa chrios maolánach (Airteagal 4 (10) de Rialachán na Líne Glaise), rinne lucht riaracháin an Limistéir Bunáite Fhlaitheasaigh Oirthearaigh faireachán agus taifead ar chainníochtaí na n-ábhar tógála, na n-iasc, na dtoitíní, etc, a soláthraíodh.

## 2.6. Trádáil a éascú

Lean an Coimisiún de bhealaí a lorg chun feabhas a chur ar an trádáil trasna na Líne.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Coimisiún de bheith ag plé le húdaráis Phoblacht na Cipire. Bhí plé ag an gCoimisiún freisin le Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire maidir leis an trádáil trasna na Líne Glaise.

Lean an Coimisiún de chúnamh teicniúil agus cúnamh tionscadail a sholáthar d'fheirmeoirí agus do dhéirithe de chuid phobal Turcach na Cipire chun a chur ar a gcumas dóibh na ceanglais a chomhlíonadh chun Halloumi/Hellim a tháirgtear i dtuaisceart na Cipire a chlárú mar Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint (ATFC). Lean Bureau Veritas, a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2021 mar an comhlacht tarmligthe atá freagrach as seiceálacha ATFC a dhéanamh ar fud an oileáin, lena chuid oibre cigireachta. Tháinig Meitheal neamhfhoirmiúil an Choimisiúin um Halloumi/Hellim le chéile an 29 Eanáir, an 11 Meitheamh agus an 26 Meán Fómhair 2025. Foilsíodh miontuairiscí na Meithle anseo: [Rialachán na Líne Glaise - An Coimisiún Eorpach].

I bhfianaise tuarascála ó shaineolaí neamhspleách, d'údaraigh an Coimisiún trádáil meala trasna na Líne Glaise. Mar sin féin, níor tharla aon trádáil; cuireadh é sin i leith phraghas ard mhil Thurcach na Cipire.

Le linn 2025, lean an Coimisiún de shaineolaithe ó Bhallstáit an Aontais a imscaradh tríd an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise chun tacaíocht a thabhairt don trádáil trasna na Líne Glaise, de réir an tsainordaithe a leagtar amach i Rialachán na Líne Glaise. Bhí saineolaithe na hIonstraime um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise páirteach i gcigireachtaí fíteashláintíochta rialta a dhéanamh ar thorthaí agus ar ghlasraí (prátaí go háirithe), i samplaí meala a thógáil lena n-anailísiú agus i liosta cothrom le dáta a chur le chéile go tráthrialta de na soithí iascaireachta ar féidir a ngabháil a thrádáil trasna na Líne Glaise.

Ag obair i gcomhar le Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire agus le Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire, lean Ionad Ilfhreastail an Aontais d'faisnéis agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair ar spéis leo dul i mbun trádála trasna na Líne Glaise, agus mhúscail sé feasacht maidir le trádáil trasna na Líne Glaise trí imeachtaí agus deiseanna líonraithe a eagrú le haghaidh táirgeoirí agus trádálaithe.

Lean roinnt coinsíneoirí iasc úr de chuid phobal Turcach na Cipire de bheith ag tuairisciú deacrachtaí maidir le baint amach na sprioc-amanna a leagtar síos le haghaidh cigireachtaí tréidliachta ar éisc úra ag pointe trasnaithe Agios Dhometios. Chuir Poblacht na Cipire ábhair imní mhóra in iúl maidir le cineál roinnt coinsíneachtaí iasc úr. Tá an Coimisiún ag scrúdú na n-ábhar imní sin.

Molann an Coimisiún d'oibreoirí eacnamaíocha leas a bhaint as deiseanna gnó agus is díol sásaimh dó na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire agus ag Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire.

### 2.7. Earraí Aontais a tugadh ar ais go dtí na limistéir atá faoi rialú éifeachtach Rialtas Phoblacht na Cipire tar éis dul trí na limistéir nach bhfuil faoina rialú éifeachtach

Thuairiscigh údaráis Phoblacht na Cipire gur tógadh 1 262 ítim ar ais go dtí na limistéir faoi rialú rialtais tar éis dul trí na limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

## 3. CONCLÚIDÍ

In 2025, tháinig méadú ar an líon trasnuithe a rinne daoine de phobal Gréagach na Cipire agus de phobal Turca na Cipire, náisiúnaigh den Aontas Eorpach (seachas muintir na Cipire) agus náisiúnaigh tríú tír.

Tháinig laghdú ar an líon daoine a théann trasna na Líne go neamhrialta in 2025, ag leanúint den treocht anuas le blianta beaga anuas. Mar sin féin, is gá fós a bheith ar an bhforairdeall géar mar gheall ar an imirce neamhrialta trasna na Líne. Is gá acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine agus ar ghníomhaíochtaí faireachais feadh na Líne.

In 2025, tháinig laghdú 5,3 % ar luach na trádála trasna na Líne ó EUR 15 238 221 in 2024 go EUR 14 430 669 in 2025. Tháinig laghdú 12,9 % ar luach na n-earraí ar ina leith a eisíodh doiciméid tionlacain ó EUR 18 222 590 go EUR 15 866 752. Ba iad ábhair foirgníochta agus ábhair thógála na cineálacha earraí ba mhó a trádáladh, agus troscán, plaistigh, dramh-mhiotal agus dramhaíl ina dhiaidh sin.

Lean Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Cipire agus Comhlachas Tráchtála Phobal Turcach na Cipire de bheith ag oibriú i gcomhar d'fhonn tairbhí eacnamaíocha a thabhairt don dá phobal.

Lean Poblacht na Cipire de chead a thabhairt d'fheithiclí tráchtála de chuid phobal Turcach na Cipire, ina bhfuil meáchan is mó ná 7,5 tona, dul trasna na Líne, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an *acquis*. Deir údaráis Phoblacht na Cipire go bhfuil socruithe curtha i bhfeidhm acu chun é a dhéanamh níos éasca do phobal Turcach na Cipire deimhnithe ródacmhainneachta, údaruithe agus ceadúnais tiomána ghairmiúla a fháil. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le Poblacht na Cipire chun teacht ar réiteach ar an bhfadhb sin.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, níor ceadaíodh aon chineál breise bia próiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch é le haghaidh trádáil trasna na Líne. Leanfaidh an Choimisiún den idirphlé le Poblacht na Cipire chun go mbeifear in ann gach cineál bia phróiseáilte nach de bhunadh ainmhíoch iad a thrádáil trasna na Líne.

Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go bhféadfadh méadú teacht ar an trádáil trasna na Líne. Dá dtabharfaí aghaidh ar na bacainní ar thrádáil a shainaithnítear sa tuarascáil seo, chuideofaí leis an bhfás sin a éascú, agus is díol sásaimh don Choimisiún aon fhorbairt dhearfach sa treo sin. Tá súil ag an gCoimisiún go dtiocfaidh méadú ar na naisc eacnamaíocha leis an obair a dhéanfaidh an dá Chomhlachas chun feabhas a chur ar theagmhálacha idir an dá phobal gnó.

I bhfianaise an mhéid sin, tá an Coimisiún ag brath fós ar an dea-chomhar le Poblacht na Cipire agus leis an Limistéar Bunáite Flaitheasach Oirthearach chun cur chun feidhme éifeachtach Rialachán na Líne Glaise a áirithiú. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin.